Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**10394/1/26**
**REV 1**

**ASILE 55**
**MIGR 158**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le prótacail idir an tAontas agus an Íoslainn, Ríocht na hIorua, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin lena bhforlíontar a gcomhaontuithe agus a bprótacal faoi seach a bhaineann leis na critéir agus na sásraí chun a shuí cé acu Stát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarraidh ar thearmann arna taisceadh sna tíortha sin, chun rialacha a áireamh lena gcumasófar a rannpháirtíocht i gCodanna II agus IV de Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus i gCaibidlí II agus III de Rialachán (AE) 2024/1359 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>- Glacadh |

1. An 30 Márta 2026, chuir an Coimisiún moladh faoi bhráid na Comhairle le haghaidh an chinnidh thuasluaite ón gComhairle, a raibh dréacht-treoracha caibidlíochta ag gabháil leis[1].

2. Scrúdaíodh an dréachtchinneadh ón gComhairle agus na treoracha caibidlíochta ag an gcruinniú a bhí ag Comhairleoirí CGB (Tearmann) an 21 Aibreán 2026. Bunaithe ar bharúlacha ó na toscaireachtaí, d'ullmhaigh an Uachtaránacht leaganacha athbhreithnithe de na téacsanna a deimhníodh ansin trí nós imeachta neamhfhoirmiúil an tosta a chuaigh in éag an 22 Bealtaine 2026.

3. Déantar téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle, tar éis do na dlítheangeolaithe athbhreithniú a dhéanamh air, a leagan amach in 9662/26.

---

[1] 7697/26 RESTREINT UE/EU RESTRICTED + ADD 1 RESTREINT UE/EU RESTRICTED

4. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus tarchuirfear an Cinneadh ón gComhairle (agus na treoracha caibidlíochta) chuig Parlaimint na hEorpa.

5. An 17 Meitheamh 2026, d'fhormheas Coiste na mBuanionadaithe an Cinneadh thuasluaite ón gComhairle agus na treoracha caibidlíochta.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar an gComhairle an méid a leanas a dhéanamh:

   – an Cinneadh ón gComhairle a leagtar amach in 9662/26 arna athbhreithniú ag na saineolaithe dlí agus teanga a ghlacadh, agus na treoracha caibidlíochta a leagtar amach in 9662/26 ADD 1 RESTREINT UE/EU RESTRICTED+ 9662/26 ADD 1 COR 1 RESTREINT UE/EU RESTRICTED; agus

   – a iarraidh go bhfoilseofaí téacs an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.*